



Eleathanach 408



Dé Luain, an 28 Márta 2022

Crith talún sa tSeapáin

Bhuail crith talún tuaisceart na Seapáine le déanaí. Bhain an crith talún 7.4 amach ar an scála Richter. Ciallaíonn sé seo go raibh an crith talún láidir. Mhottaigh daoine na creathanna i dTóiceo.

Uaireanta tar éis crith talún bíonn súnámaí ann, nuair a thagann tonnta móra ón bhfarraige. Bhí eagla ar dhaoine go mbeadh súnámaí ann ach níor tháinig na tonnta móra.

D'imigh traein le 100 paisinéir ón mbóthar iarainn, ach ní raibh aon duine gortaithe. Glacfaidh sé cúpla seachtain chun an bóthar iarainn a dheisiú.

Bhí an crith talún seo an-chosúil leis an gcrith talún a tharla in 2011 in Fukushima.



Bóthar iarainn

Dusta ón Sahára

Le coicís anuas, tá cuid mhór den Spáinn clúdaithe le dusta, agus tá dath oráiste ar an spéir anois. Tháinig scamall mór de dhusta ón Sahára. Chlúdaigh dusta an tSahára gach rud. Bhí dath oráiste ar an spéir agus ar rudaí cosúil le cosáin, carranna, busanna agus plandaí.

Tagann scamall de dhusta amach ón Sahára gach bliain. De ghnáth, téann an scamall thar an Aigéan Atlantach, ach an uair seo, bhrúigh an ghaoth an scamall suas chuig an Spáinn.

Bhí tionchar aige seo ar chaighdeán aeir sa Spáinn agus bhí moladh ann maisc a chaitheamh.

Bhí dusta le feiceáil ar charranna sa tír seo le cúpla lá anuas freisin.



Foireann sacair Chelsea faoi bhrú

Tá fadhbanna ag an bhfoireann sacair Chelsea FC. Is é Roman Abramovich úinéir Chelsea. Is as an Rúis é. Tá Chelsea ag titim as a chéile anois. Níl cead ag Abramovich airgead a thabhairt don chlub nó íoc as rudaí níos mó.

Níl go leor airgid ag Chelsea anois chun taisteal chuig na cluichí atá as baile. Níl cead ag Chelsea ticéad a dhíol nó conradh a thabhairt d'imreoirí nua.

Tá an t-imreoir Rudiger ag bogadh go Juventus mar tá a chonradh críochnaithe. Ghlac cúpla imreoir le pá níos ísle chun airgead a shábháil. Tá an lucht tacaíochta ag cailliúint amach mar níl cead acu freastal ar na cluichí



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscoláiocht

